Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2466

5.12.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/2466 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 2 Nollaig 2025**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú an Chinn Misin ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (EUCAP Sahel Mali/2/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/219/CBES ón gComhairle an 15 Aibreán 2014 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7(1) de Chinneadh 2014/219/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus stiúradh straitéiseach Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 28 Eanáir 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/200 ([2]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Peter KOLDING mar Cheann Misin ar EUCAP Sahel Mali ón 1 Feabhra 2025 go dtí an 31 Eanáir 2026.

(3) An 29 Deireadh Fómhair 2025, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Peter KOLDING mar Cheann Misin ar EUCAP Sahel Mali ón 1 Feabhra 2026 go dtí an 10 Aibreán 2026,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear síneadh le sainordú Peter KOLDING mar Cheann Misin ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) ón 1 Feabhra 2026 go dtí an 10 Aibreán 2026.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Nollaig 2025.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK

([1]) IO L 113, 16.4.2014, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/219/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2025/200 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 28 Eanáir 2025 lena gcuirtear síneadh le sainordú an Chinn Misin ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (EUCAP Sahel Mali/1/2025) (IO L, 2025/200, 30.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/200/oj).